COMHAD FÍRICÍ:
BIA AGUS COTHÚ GCSE

Rewarding Learning

COMHPHÁIRT 1

Treoir maidir le Ceisteanna Scrúdaithe a Léamh agus a Thuiscint

Scrúdaíonn ceisteanna scrúdaithe eolas, tuiscint agus scileanna a forbraíodh le linn staidéar ar Bhia agus Cothú GCSE.

Is scil thábhachtach í an cheist scrúdaithe a léamh agus a thuiscint atá le forbairt ag na daltaí. Gan an cheist a thuiscint ina hiomláine, ní thabharfaidh siad freagra atá cruinn go leor agus mionsonraithe.

Tá eochairfhocail ag baint le gach ceist a léiríonn don dalta **cad é** ba chóir a scríobh agus **an dóigh** ar chóir dó é a scríobh. Beidh deis níos fearr ag an dalta freagairt dhírithe a scríobh má tá sé ábalta na heochairfhocail seo sa cheist a shainaithint.

Tá dhá chineál eochairfhocal ann le bheith ar an eolas fúthu:

1. Brífhocail
2. Focail ordaithe

1. Brífhocail

Léiríonn siad na topaicí a bhfuil an cheist ag díriú orthu. Mar shampla:

> Pléigh na **hiarmhairtí** féideartha a bhaineann le **huireasa fóláite**. *(Eacnamaíocht Bhaile GCSE: Bia agus Cothú 2022 C4a)*

Tá na brífhocail sa cheist thuas i gcló trom. Léiríonn na heochairfhocail 'iarmhairtí' agus 'uireasa fóláite' go gcaithfidh an dalta díriú ar iarmhairtí na fóláite amháin agus gan cur síos a dhéanamh go díreach ar gach rud atá ar eolas aige faoin vitimín seo.

> Déan luacháil ar **shiopadóireacht ar líne** mar mhodh de **shiopadóireacht bia do dhaoine ar ioncam íseal**. *(Eacnamaíocht Bhaile GCSE: Bia agus Cothú 2022 C11)*

Tá na brífhocail sa cheist thuas i gcló trom. Léiríonn na heochairfhocail 'siopadóireacht ar líne' agus 'siopadóireacht bia' go gcaithfidh an fhreagairt díriú ar shiopadóireacht ar líne faoi choinne bia amháin. Tá an eochairfhrása 'daoine ar ioncam íseal' ag treorú an dalta le pointí atá ábhartha dóibh siúd ar ioncam íseal amháin a roghnú seachas pointí ginearálta faoi shiopadóireacht ar líne.

Dá mhéad brífhocal agus frásaí a bhíonn sa cheist is amhlaidh is deacra a bheidh sé do na daltaí. Is scil luachmhar é an próiseas a bhaineann leis na focail seo a shainaithint agus a thuiscint agus ba chóir é a chleachtadh go dtí go dtarlaíonn sé go huathoibríoch. Cuideoidh sé seo leis na daltaí a gcuid eolais agus tuisceana a chur i bhfeidhm go cruinn maidir le comhthéacs na ceiste, mar shampla grúpa saolré áirithe nó cás de shiopadóireacht bia.

2. Focail ordaithe

Soiléiríonn focail ordaithe an méid atá le déanamh leis an inneachar. Sna ceisteanna samplacha thuas is focail ordaithe iad na heochairfhocail **Pléigh** agus **Déan luacháil ar** seachas brífhocail. Is rudaí tábhachtacha iad na focail ordaithe le marcanna arda a bhaint amach, mar sin de, ní mór don dalta a bheith cleachta lena bhfuil i gceist leis na brífhocail choitianta maidir leis an ábhar seo ag an leibhéal seo.

Gluais na bhFocal Ordaithe do Bhia Agus Cothú GCSE

Soláthraíonn an tábla thíos sainmhínithe agus samplaí de bhrífhocail choitianta do Bhia agus Cothú GCSE. Baineann na sainmhínithe go sainiúil leis an tsonraíocht seo. Glactar ceisteanna samplacha ó iarpháipéir 2019-2022.

Cuir síos ar	
Leag amach saintréithe	**Ceist shamplach:** **Cuir síos ar an dóigh a bhféadfadh daoine a chónaíonn ina n-aonar dramhbhia a laghdú. [6]** *(C4c 2021)* Agus iad ag freagairt na ceiste seo, ní mór do dhaltaí cur síos *ar an chuma a bheadh ar rudaí* dá laghdódh daoine a chónaíonn ina n-aonar dramhbhia. Is féidir mionsonraí a chur ar fáil le samplaí ach ní gá na pointí a mhíniú.
Pléigh	
Cuir eochairphointí i láthair	**Ceist shamplach:** **Pléigh trí thoisc a d'fheadfadh dul i bhfeidhm ar rogha bhia. [9]** *(C10 2019)* Agus é ag freagairt na ceiste seo, táthar ag súil go ndéanfaidh an dalta trí thoisc bheachta a shainaithint agus ansin gach ceann acu a phlé. Beidh eochairphointí faoi gach toisc mar chuid den phlé. D'fhéadfadh na heochairphointí seo a bheith ina samplaí nó moltaí maidir leis an fháth a dtéann siad i bhfeidhm ar rogha bhia. D'fhéadfadh breithiúnais ar thábhacht na toisce maidir le dul i bhfeidhm ar rogha bhia a bheith i gceist leis an fhreagairt. Beidh úsáid sainstór focal ina thaca don fhreagairt ar an fhocal ordaithe seo. De ghnáth, bíonn freagairt shínte i gceist leis an fhocal ordaithe seo.
Déan luacháil ar	
Fianaise ar son agus in éadan a chur san áireamh	**Ceist shamplach:** **Déan luacháil ar úsáid na siopaí grósaera neamhspleácha maidir le teaghlach le páistí agus iad ag siopadóireacht faoi choinne bia. [12]** *(C12 2021)* Sa cheist seo, táthar ag súil go gcuirfidh an dalta réimse buntáistí agus míbhuntáistí i láthair maidir le siopaí grósaera neamhspleácha. Ba chóir go dtabharfadh an fhreagairt míniú ansin ar an dóigh a rachaidh gach buntáiste agus míbhuntáiste i bhfeidhm ar theaghlach le páistí. Mar shampla: *Is féidir le siopaí grósaera neamhspleácha a bheith beag. D'fhéadadh na pasáistí a bheith róchúng do thuismitheoirí le pramanna*. De ghnáth, bíonn freagairt shínte i gceist leis an fhocal ordaithe seo.
Mínigh	
Leag amach cuspóirí nó fáthanna	**Ceist shamplach:** **Mínigh cad chuige a bhfuil ainéime uireasa iarainn níos coitianta i ndéagóirí baineanna (12-18 mbliana d'aois). [2]** *(C6b 2021)* Táthar ag súil go leagfaidh an dalta a fhreagairt amach go soiléir agus go comhleanúnach ionas go dtuigfidh an scrúdaitheoir go furasta na fáthanna a bhfuil ainéime uireasa iarainn níos coitianta i ndéagóirí baineanna. Tá comhleanúnachas ríthábhachtach agus tú ag cur freagraí mínithe ar fáil.

Sainaithin	
Ainmnigh	**Ceist shamplach:** **Sainaithin an dá mharc dáta ba chóir do thomhaltóirí a lorg agus iad ag ceannach bia. [2]** *(C6a 2022)* Táthar ag súil nach n-ainmneoidh an dalta ach an dá mharc dáta. Níl mionsonraí de dhíth agus tá freagraí gairide cuí. De ghnáth, bíonn líon beag marcanna ag dul don fhocal ordaithe seo.
Cosain	
Tacaigh le fianaise	**Ceist shamplach:** **Is fadhb shláinte é cáiréas fiacla i bpáistí i dTuaisceart Éireann. Cosain comhairle aiste bia agus sláinte do thuismitheoirí atá ag iarraidh an riosca de cháiréas fiacla a bheith ag a bpáistí a laghdú. [9]** *(C11 2019)* Táthar ag súil go luafaidh an dalta samplaí de chomhairle aiste bia agus sláinte leis an riosca de cháiréas fiacla i bpáistí a laghdú. Ansin, ba chóir dó míniú a thabhairt go hachomair ar cad chuige a laghdóidh gach píosa comhairle cáiréas fiacla i bpáistí. Mar shampla: *Bain úsáid as taos fiacla fluairíde mar neartaíonn fluairíd cruan na bhfiacla.* Beidh úsáid sainstór focal ina thaca lena fhreagairt. De ghnáth, bíonn freagairt shínte i gceist leis an fhocal ordaithe seo.
Tabhair breac-chuntas ar	
Leag amach na príomh-shaintréithe	**Ceist shamplach:** **Tabhair breac-chuntas ar an chosaint atá curtha ar fáil do thomhaltóirí ag an reachtaíocht seo a leanas: *Food Safety (NI) Order 1991; Food Hygiene Regulations (NI) 2006.* [6]** *(C8b 2022)* Táthar ag súil go dtabharfaidh an dalta na príomhfhíricí de gach píosa reachtaíochta gan mionsonraí a thabhairt. Ní gá mínithe a chur ar fáil.
Luaigh	
Léirigh i dtéarmaí soiléire	**Ceist shamplach:** **Luaigh cad chuige a dtugtar E-uimhir do bhreiseáin bhia. [1]** *(C8a 2019)* Sa cheist seo, ba chóir don dalta fáth a thabhairt ina fhreagairt maidir le húsáid na nE-uimhreacha. Ba cheart go mbeadh sé seo an-ghearr agus soiléir. Níl mionsonraí de dhíth agus tá freagraí gairide cuí. De ghnáth, bíonn líon beag marcanna ag dul don fhocal ordaithe seo.

Gníomhaíochtaí Molta

1. Roghnaigh ceist ó iarpháipéar agus sainaithin na brífhocail agus na focail ordaithe. Tosaigh le ceisteanna gairide agus téigh ar aghaidh go ceisteanna níos faide de réir a chéile. Déan cleachtadh i ngrúpaí nó le dalta eile go dtí go mbeidh tú muiníneach go dtig leat na brífhocail agus focail ordaithe a shainaithint go neamhspleách agus go cinnte.

2. Amharc ar cheist iarpháipéir inar shainaithin an múinteoir na brífhocail agus na focail ordaithe agus déan freagra cuí a phleanáil. Déan cleachtadh i ngrúpaí nó le dalta eile go dtí go mbeidh tú muiníneach go dtuigeann tú na brífhocail agus focail ordaithe go neamhspleách agus go cinnte.

© CCEA 2023